Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7496/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0060(NLE)**

**RECH 125**
**ATO 12**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Márta 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 111 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le glacadh chlár taighde forlíontach 2024-2027 an imoibritheora ardfhlosca in Petten, a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 111 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 111 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.3.2025
COM(2025) 111 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le glacadh chlár taighde forlíontach 2024-2027 an imoibritheora ardfhlosca in Petten, a bheidh le cur chun feidhme ag an Airmheán Comhpháirteach Taighde thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach**

# IARSCRÍBHINN I

FAISNÉIS EOLAÍOCH AGUS THEICNIÚIL

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an chláir:

(1) a áirithiú go n-oibreofar an t-imoibritheoir ardfhlosca ar bhealach sábháilte agus iontaofa d'fhonn infhaighteacht an fhlosca neodróin a ráthú chun críoch turgnamh;

(2) a chur ar chumas institiúidí taighde úsáid éifeachtach a bhaint as an imoibritheoir ardfhlosca i raon leathan disciplíní: feabhas a chur ar shábháilteacht na n-imoibreoirí núicléacha, na sláinte (lena n-áirítear forbairt iseatóp míochaine), an chomhleá núicléach, an taighde bhunúsaigh agus na hoiliúna agus an bhainistithe dramhaíola bhunúsaigh (lena n-áirítear an fhéidearthacht chun staidéar a dhéanamh ar na saincheisteanna sábháilteachta maidir le breoslaí núicléacha le haghaidh córais imoibritheora is díol suime don Eoraip).

---

# IARSCRIBHINN II

MIONDEALÚ AR AN RANNÍOCAÍOCHTAÍ

Tagann na ranníocaíochtaí leis an gclár ón Ísiltír agus ón bhFrainc.

Tá miondealú na ranníocaíochtaí sin mar seo a leanas:

An Ísiltír: EUR 26 215 000

An Fhrainc: EUR 600 000

Iomlán: EUR 26 815 000

Déanfar na ranníocaíochtaí sin le buiséad ginearálta an Aontais agus sannfar iad don chlár. D'fhéadfadh cuid de na ranníocaíochtaí faoin gclár an caiteachas arna dhéanamh le hoibriú HFR i rith na bliana 2024 a chumhdach i gcomhréir leis an gclár oibre atá le comhaontú idir na tíortha ranníocaíochta agus an Coimisiún.

Tá na ranníocaíochtaí docht agus níl siad in-athraithe a mhéid a bhaineann leis na hathraitheachtaí a ghabhann le costais oibriúcháin, chothabhála agus díchoimisiúnaithe.

**IARSCRÍBHINN […]**